Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 21

# Príosúin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar na tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Príosúin, agus táillí eile i dtaca le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana
b) arna soláthar le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil sa bhliain 2017 as leithreasaí nár caitheadh sa bhliain 2016, faoin socrú géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €1.55 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Talamh agus foirgnimh***

Tá seilbh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 13[a] phríosún agus ionad coinneála, chomh maith le réadmhaoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Port Laoise agus réadmhaoin cóngarach d'Fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, agus láithreáin eile i mBaile Átha Cliath: ceann acu cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus eile i Cill Mhaighneann agus i mBaile na Sceach.

Luacháil an Oifig Luachála an talamh ag luach úsáide reatha (ní más rud é in úsáid) le linn 2014. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag luacháil na talún ag Halla Thornton ar a costas, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar feitheamh athbhreithnithe ar a luach agus a sochar féideartha don Stát. Déanfar athbhreithniú ar an suíomh seo ar bhonn bliantúil.

Is é an bonn a úsáidtear chun foirgnimh phríosúin a luacháil ná an meánchostas athsholáthair in aghaidh an chillín - gan athrú.

Talamh agus foirgnimh na bpríosún a athluacháil gach cúig bliana - beidh an chéad athluacháil bheartaithe eile ar siúl in 2019. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil. Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

[a] Ba é 14 an figiúr comhfhreagrach sa Chuntas don bhliain 2016. Tá iar-Fhoras Naomh Pádraig ina chuid de Champas Mhuinseo anois agus ní mheastar a thuilleadh gur príosún neamhspleách ar leith é.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí Gníomhach. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht athabairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí próiseála párolla ar fáil don tSeirbhís Príosún.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil do Sheirbhís Príosún na hÉireann.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- Is ann do Choiste Iniúchta comhairle a thabhairt dom maidir le bheith i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ar thuairiscí thréinhsiuta airgeadais a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Seirbhís Phríosúin.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

- Cinntíonn an tSeirbhís Phríosúin go gcuirtear fócas iomchuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú le gach treoirlíne ábhartha.
- San iomlán, tuairiscíodh 49 socrú soláthair dar luach iomlán €8,864,024 faoi Chiorclán 40/2002 sa bhliain 2017. Miondealaítear iad mar seo a leanas:

  a) cúig cheannachán phráinneacha dar luach iomlán €498,664
  b) bhí ceathair déag cheannachán dhílsithe ina gcúis le costas iomlán €2,206,040
  c) rinneadh deich chonradh reatha soláthair dar luach €834,319 a shíneadh/a thabhairt ar aghaidh
  d) chuathas isteach i dhá socrú/dtairiscint áitiúla dar luach €77,432
  e) d´eascair ocht déag mhír eile soláthair ar luach €5,247,569 go príomha agus muid ag feitheamh le tabhairt chun críche tairiscintí láraithe san Oifig um Sholáthar Rialtais agus in Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise na Rialtais.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais agus bainistíochta atá nochta os comhair na Roinne. Déantar na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúchta agus cuireann siad an anailís seo san áireamh. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil ag an gCoiste Iniúchta. Tá mé sásta go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm do gach Príosún agus Stiúrthóireacht agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach. Leagtar amach sa chlár na príomhrioscaí atá ann ar leibhéal príosúin, stiúrthóireachta agus eagraíochta. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin) an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Coiste Bainistíochta riosca, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Sainaithníodh post mar Phríomhoifigeach Rioscaí agus meastar go líonfar é sa bhliain 2018.

Tá athbhreithniú ar phróisis riaracháin áirithe á dhéanamh faoi láthair i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Ag teacht sna sála ar thuarascálacha iniúchóireachta a eisíodh le déanaí, tá athbhreithniú á dhéanamh ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar rialaithe riaracháin, airgeadais agus oibriúcháin d'fhonn rialaithe a neartú agus na doiciméid a bhaineann le próisis agus nósanna imeachta a thabhairt cothrom le dáta. Ar na réimsí atá mar chuid den athbhreithniú tá nósanna imeachta maidir le láimhseáil airgid, bainistíocht cuntas óinchiste agus próisis a bhaineann le hoibríochtaí airgeadais neamhvótáilte amhail Siopaí Príosúin, an Ciste Cláir Chúnaimh Phríosúnach, cuntais airgid phríosúnach agus oibriú na gCoistí Deonacha Bialann.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta Príosúin

29 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Príosúin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 21 Príosúin

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin | | | | |
| | *Bunaidh* | 327,374 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,833 | | | |
| | | | 330,207 | 326,892 | 325,041 |
| | **Ollchaiteachas** | | **330,207** | **326,892** | **325,041** |
| | *Asbhain:* | | | | |
| **B** | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | | | **12,584** | **13,056** | **13,440** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 314,790 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,833 | | | |
| | | | **317,623** | **313,836** | **311,601** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar iomlán no cuid d'aon leithreasú neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh san bhliain ina dhiadh sin.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 3,786,856 | 7,049,978 |
| Géilleadh iarchurtha | (2,233,000) | (2,833,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,553,856** | **4,216,978** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta Príosúin

29 Márta 2018

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas chláir | | 79,656 | 80,314 |
| Pá | | 232,551 | 230,781 |
| Neamhphá | | 14,685 | 13,946 |
| **Ollchaiteachas** | | **326,892** | **325,041** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **13,056** | **13,440** |
| **Glanchaiteachas** | | **313,836** | **311,601** |
| | | | |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (24,673) | | |
| Dímheas | 2,401 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 12 | (22,260) | (19,524) |
| | | | |
| **Athraithe i glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 3,142 | | |
| Méadú i stoc | (616) | 2,526 | (1,614) |
| **Caiteachas díreach** | | **294,102** | **290,463** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 54,031 | 45,197 |
| **Glanchostas chláir** | | **348,133** | **335,660** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 270 | 270 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 52,580 | 43,771 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 153 | 148 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte | m | 472 | 453 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 556 | 555 |
| | | **54,031** | **45,197** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **948,734** | **926,157** |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 10,607 | 11,111 |
| Stoic | 2.4 | 1,785 | 1,169 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,027 | 929 |
| Ioncam fabhraithe | | 170 | 111 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 406 | 275 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **13,995** | **13,595** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 2,316 | 2,911 |
| Costais fhabhraithe | | 6,558 | 3,259 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 8,697 | 8,475 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **17,571** | **14,645** |
| | | | |
| **Glandliteanais reatha** | | **(3,576)** | **(1,050)** |
| **Glansócmhainní** | | **945,158** | **925,107** |
| | | | |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **945,158** | **925,107** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 925,107 | 942,373 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 317,623 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,554) | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (2,233) | | |
| Vóta glan | | | 313,836 | 311,601 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 54,031 | 45,197 |
| Caiteachas neamhairgid - athluacháil | 2.2 | | 317 | (38,404) |
| Costas chláir glan | 1 | | (348,133) | (335,660) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **945,158** | **925,107** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Sócmhainní Caipitil á bhForbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 915,113 | 72,190 | 813 | 9,719 | 5,438 | 1,003,273 |
| Breiseanna | 246 | 2,610 | 57 | 2,770 | 18,990 | 24,673 |
| Curtha in úsáid | 11,830 | — | — | — | (11,830) | — |
| Diúscairtí | — | (3,728) | (27) | (956) | — | (4,711) |
| Athluacháil [a] | 317 | — | — | — | — | 317 |
| **Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017** | 927,506 | 71,072 | 843 | 11,533 | 12,598 | 1,023,552 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | — | 67,944 | 738 | 8,434 | — | 77,116 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,848 | 37 | 516 | — | 2,401 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (3,721) | (26) | (952) | — | (4,699) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | — | 66,071 | 749 | 7,998 | — | 74,818 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **927,506** | **5,001** | **94** | **3,535** | **12,598** | **948,734** |
| | | | | | | |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 915,113 | 4,246 | 75 | 1,285 | 5,438 | 926,157 |

[a] Athluacháladh suíomh Phríosún Chorcaí ó €1.68 milliún go €2 milliún bunaithe ar athbhreithniú a rinne an Oifig Luachála sa bhliain 2017.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 10,469 | 10,805 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 138 | 306 |
| | **10,607** | **11,111** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Éide agus éadach | 1,729 | 914 |
| Troscán agus ábhar cothabhála | — | 92 |
| Ilghnéitheach | 56 | 163 |
| | **1,785** | **1,169** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Óinchistí | 235 | 67 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | — | 1 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 171 | 207 |
| | **406** | **275** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 4,185 | 4,188 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,957 | 1,878 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 72 | 211 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,826 | 1,486 |
| | 8,040 | 7,763 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 642 | 666 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 15 | 46 |
| | **8,697** | **8,475** |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 1,554 | 4,217 |
| Géilleadh iarchurtha | 2,233 | 2,833 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (1,471) | (4,139) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **2,316** | **2,911** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 10,607 | 11,111 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 406 | 275 |
| | 11,013 | 11,386 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (8,040) | (7,763) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (657) | (712) |
| | (8,697) | (8,475) |
| | **2,316** | **2,911** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tionscadail chaipitil | 11,930 | 4,627 |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | **11,930** | **4,627** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte amhail dheireadh na bliana (2016: Nil).

# Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000).

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna aghus liúntais | 237,986 | 232,551 | 230,781 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,816 | 2,156 | 1,770 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,860 | 3,582 | 2,397 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,900 | 1,933 | 2,956 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,480 | 7,013 | 6,801 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | 1 | 22 |
| | | **251,142** | **247,236** | **244,727** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin €2.9 milliún, toradh: €1.933 milliún

Tháinig an laghdú €967,000 i gcaiteachas ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide chun cinn go príomha mar go raibh níos lú uasghráduithe ar bhonneagar fisiciúil agus ar threalamh ag teastáil ná a bhí i mblianta roimhe sin agus mar go raibh socrú conartha nua i bhfeidhm, rud ba chúis le laghdú i gcostais teileafóin.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar mheastacháin €4.480 milliún, toradh: €7.013 milliún

Tháinig an méadú €2.533 milliún i gcaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha chun cinn go príomha mar go raibh caiteachas méadaithe TFC ann i dtaca le tionscadail amhail imscaradh na slándála Gréasáin a athnuachan, stóráil bhreise a cheannach le haghaidh an aistrithe chuig TFCI Ardghléine, agus freastalaithe breise a cheannach.

## Clár A Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin

| | | | 2017 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | 237,986 | 232,551 | 230,781 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 13,156 | 14,685 | 13,946 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | | | | |
| | *Bunaidh* | 39,188 | | | |
| | Géilleadh iarchurtha | 2,833 | 42,021 | 39,828 | 38,861 |
| A.4 | Seirbhísí príosúinigh | | 28,976 | 27,913 | 27,649 |
| A.5 | Seirbhísí oibriúcháin | | 3,730 | 6,482 | 6,650 |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | | 1,265 | 1,083 | 1,065 |
| A.7 | Cúiteamh | | 2,873 | 4,150 | 5,901 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste sóisialta (Cistí díomhaoine arna maoiniú) | | 200 | 200 | 188 |
| | | | **330,207** | **326,892** | **325,041** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €3.32 milliún níos ísle ná a soláthraíodh ar dtús. Bhí tearc-chaitheamh €3.91 milliún ann i dtaca le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin. Tháinig an chuid eile den difríocht €0.59 milliún (barrachas) as na nithe seo a leanas go háirithe:

*A.3 Foirgnimh agus trealamh*

Soláthar mheastacháin €42.021 milliún, toradh: : €39.828 milliún

Tháinig an choigilt €2.193 milliún chun cinn mar gheall ar thearc-chaitheamh caipitil a bhí cothrom le €4.7 milliún, rud a fritháiríodh go páirteach le róchaitheamh €2.5 milliún i gcaiteachas reatha. Tháinig an choigilt i gcaiteachas caipitil chun cinn go príomha mar gur cuireadh siar an clár feabhsúcháin do TFCI ar fud an eastáit Phríosún go dtí go gcuirfí athbhreithniú ar an gcur chuige soláthair i gcrích. Tugadh suim €2.233 milliún ar aghaidh chuig an mbliain 2018 faoi na forálacha maidir le tabhairt ar aghaidh caipitil. Tháinig an barrachas i gcaiteachas reatha chun cinn go príomha mar thoradh ar chlár um oibreacha beartaithe cothabhála coiscthí ar chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann tús leis.

*A.4 Seirbhísí príosúin*

Soláthar mheastacháin €28.976 milliún, toradh: : €27.913 milliún

Tháinig an choigilt €1.063 milliún chun cinn de bharr barainneachtaí, éifeachtúlachtaí agus costais laghdaithe i roinnt réimsí laistigh den fho-mhírcheann seo.

*A.5 Seirbhísí oibriúcháin*

Soláthar mheastacháin €3.73 milliún, toradh: €6.482 milliún

Tháinig an méadú €2.752 milliún i gcaiteachas chun cinn mar gur caitheadh suim mhéadaithe ar cheannacháin don fhlít iompair phríosúin. B'ionann an tsuim sin agus €1.8 milliún. Sa bhliain 2016, rinneadh athbhreithniú fairsing ar aois an fhlít reatha. Cinneadh go n-athsholáthrófaí roinnt de na feithiclí a cláraíodh roimh an mbliain 2008, rud ar cuireadh tús leis sa bhliain 2016. Leanadh leis an gclár athsholáthair sin sa bhliain 2017 chun an flít a nuachóiriú, laghdú a dhéanamh ar na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le feithiclí níos sine agus na costais choinneála a laghdú i leith na bhfeithiclí nua. Tríd is tríd, baineann an chuid eile den chaiteachas barrachais san fho-mhírcheann seo le costais bhreise slándála agus le trealamh nua a cheannach le haghaidh áiseanna smachta/srianta agus cuardaigh.

*A.6 Seirbhísí oideachais*

Soláthar mheastacháin €1.265 milliún, toradh: €1.083 milliún

Tháinig an choigilt €0.182 milliún i gcaiteachas chun cinn mar go raibh moill ann ar sheirbhísí gairmiúla leabharlainne a thabhairt isteach an athuair i gcúig shuíomh príosúin agus mar gur lú ná a bhíothas ag súil leis a bhí an glacadh le roinnt cúrsaí oideachais.

*A.7 Cúiteamh*

Soláthar mheastacháin €2.873 milliún, toradh: €4.150 milliún

Tháinig an méadú €1.277 milliún i gcaiteachas chun cinn mar gurbh airde ná a bhíothas ag súil leis a bhí líon agus suim na gcásanna cúitimh a bhí dlite lena n-íoc sa bhliain 2017. Bhainistigh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla (an Scéim Oifigeach Príosúin) formhór mór na gcásanna i gceist thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilghnéitheach | 405 | 439 | 237 |
| 2. | Fáltais na gcuntas díomhaoin | 200 | 200 | 188 |
| 3. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí | 11,979 | 12,417 | 13,015 |
| | **Iomlán** | **12,584** | **13,056** | **13,440** |

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (ar choibhéis lánaimseartha) | **3,186** | **3,215** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 136,736 | 137,047 |
| Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 354 | 273 |
| Liúntais eile | 45,101 | 46,283 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 33,874 | 31,416 |
| ÁSPC an Fhostóra | 16,486 | 15,762 |
| **Pá Iomlán** | **232,551** | **230,781** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2017 | Uasíocaíocht aonair 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 64 | 5 | 33,944 | 11,560 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 2,952 | 1,843 | 38,773 | 29,072 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,744 | 629 | 23,716 | 15,601 |
| Ilghnéitheach | 3,092 | 217 | 15,235 | 15,176 |
| Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 3,012 | 2,809 | 65,602 | 52,743 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

San iomlán íocadh €97,326 do 22 státseirbhíseach a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse, le méideanna idir €260 agus €47,512 i gceist; athfhostaíodh iad ar dualgais éagsúla le linn 2017. San iomlán íocadh €49,315 do 12 ball den Gharda Síochána a bhí ar scor; fostaíodh ar dualgais shonracha le linn 2017 iad. Cuireadh gnáthaimh chuí i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí do bhaill fhoirne ar scor de réir Alt 52 den Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €425,504 (161 cás) (2016: €542,561, 197 cás). As an méid seo, bhí pleananna téarnaimh i bhfeidhm ag luach €297,519 (101 cás) ag 31 Nollaig 2017 lena n-áirítear 47 cás pinsin leasaithe.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Daonra na bpríosún

Ba é 3,680 phríosúnach (2016: 3,717) phríosúnach an meánlíon measta laethúil príosúnach sa bhliain 2017.

## 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

Áirítear leis an gcuntas caiteachas i dtaca le cúiteamh agus costais dlí a íocadh le príosúnaigh, le baill foirne agus le baill den phobal. Léirítear miondealú ar na costais sin sa tábla thíos.

| | An líon cásanna | Costais dlí ar íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann iad | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | 2017 Iomlán | 2016 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag foireann phríosúin** | | | | | | |
| Éilimh shibhialta ag foireann phríosúin do dhíobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgais agus deacrahtaí eile a bhaineann le foireann phríosúin | 104 | — | 1,141 | 369 | 1,510 | 2,134 |
| Éilimh trí mheán an Bhinse Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag eascairt as díobhálacha a fuarthas ag foireann phríosúin | 38 | — | 742 | — | 742 | 745 |
| **Éilimh ag príosúnaigh** | | | | | | |
| Éilimh a rinneadh ag príosúnaigh ag eascairt as díobhálacha agus as gníomhartha eile ina raibh príosúnaigh i gceist | 186 | — | 492 | 1,000 | 1,492 | 2,882 |
| **Éilimh ag baill an phobail** | 37 | — | 264 | 131 | 395 | 140 |
| | | **—** | **2,639** | **1,500** | **4,139** | **5,901** |

Ag 31 Nollaig 2017, thaifid an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 2,250 éileamh mar éilimh gan íoc (2016: 1,893 cásanna). Ba é luach iomlán na gcostas dlí a iompraíodh ag an tSeirbhís Phríosúin maidir le 13 chás neamhchúitimh ná €234,702 (2016: €575,000).

## 6.3 Dliteanas teagmhasach

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlí, agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith ann dá mbarr, ag brath ar thorthaí dlíthíochta. Ní féidir a thuar, cén uair, ná cé mhéad dliteanais a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

## 6.4 Costais adhlactha na bpríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de chuid €9,985 i dtreo costais adhlactha beirt chiontóir a cailleadh agus iad i bpríosún.

## 6.5 Caillteanais airgid

Aithníodh dhá chás de chaillteanais in airgead tirim i bpríosúin éagsúla arbh fhiú €1,000 ina iomláine iad. Lorgófar ceadú chun na caillteanais faoi thrácht a dhíscríobh.

## 6.6 Oibríochtaí airgeadais eile laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón gcaiteachas a léirítear sa Chuntas Leithreasa, eascraíonn roinnt oibríochtaí eile airgeadais laistigh den tSeirbhís Phríosúin chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí faoi thrácht le Siopaí an Phríosúin, le Ciste Cláir Chúnaimh Phríosúnach agus le cuntas bainc le haghaidh airgead na bpríosúnach. Seo a leanas na sonraí:

**Siopa an Phríosúin** - Tá siopa inmheánach ("siopa sólaistí") ag gach príosún inar féidir le príosúnaigh míreanna caiteachais bhig a cheannach, leithéidí milseáin agus deochanna boga srl. Íoctar as na míreanna ó chistí de chuid na bpríosúnach aonair. Déantar an soláthar ar fad don siopa tríd an airgead a ghintear agus maoinítear é ó dhíolacháin go príosúnaigh agus déantar aon ´ghlanbhrabús´ a ghintear a aistriú chuig an gCiste Cláir Chúnaimh Phríosúnach chun cabhrú le cásanna cruatain i measc na bpríosúnach.

Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc do na 13 shiopa príosúin ag 31 Nollaig 2017 ná €671,218 (2016: €976,187). Ba é luach an stoic ar láimh ná €322,078 (2016: €360,597).

**An Ciste Cláir Chúnamh Phríosúnach (CCCP)** - Feidhmíonn gach príosún cuntas CCCP chun tionscadail chruatain phríosúnach a mhaoiniú. Ní thagann an maoiniú don chuntas ó chistí vótáilte ach ó fharasbarr an ´ghlanbhrabúis´ a ghintear ó shiopa an phríosúin.

Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc ag 31 Nollaig 2017 ná €455,194 (2016: €503,819).

**Cuntas Airgid Príosúnach** - Coimeádtar cuntas bainc go sonrach le haghaidh airgead pearsanra príosúnach agus bainistítear é ag Stiúrthóireacht Airgeadais na bPríosún. Agus príosúnaigh ag fágáil an phríosúin faigheann siad iarmhéid a gcuid airgid phearsanta ón gcuntas seo. Ba é luach iarmhéid an chuntais ag 31 Nollaig 2017 ná €950,435 (2016: €1,058,875). Tá i gceist leis sin iarmhéideanna carntha na bpríosúnach ag deireadh na bliana, ach tá san áireamh freisin díolacháin iomlána na Siopaí Príosúin do Mhí na Nollag (de ghnáth € 500,000 thart) a aistreofar, go luath tar éis deireadh na míosa, chuig Cuntais Bhainc chomhfhreagracha na Siopaí Príosúin chun íocaíocht a éascú do sholáthróirí do cheannacháin na Nollag.

Ina theannta sin, bunaíodh Coistí Deonacha Bialann (CDB) i ngach ceann de na príosúin ábhartha (naoi gcinn ar fad) chun riar fheidhmiú áiseanna ceaintín a chomhordú curtha ar fáil trí chistineacha oiliúna príosúnach. Feidhmíonn na CDB mar aonáin neamhspleácha ar leith ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ina dhiaidh sin is uile, ghlac Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar chúram uirthi féin teagmháil a dhéanamh le gach CDB chun cur i gcuimhne dóibh maidir lena gcuid dualgais rialachais agus béim a chur ar fhreagracht na gCoistí maidir le bheith ag cloí le polasaithe, gnáthaimh, rialaithe agus rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim nuair is cuí sin. Cuirfear feidhmiú na CDB san áireamh mar chuid d´athbhreithniú ar phróisis áirithe riaracháin a bhfuiltear ag tabhairt faoi i láthair na huaire sa tSeirbhís Phríosúin.